

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CÚNAMH DLÍTHIÚIL), 1962  
NA RIALACHÁIN UM CHEARTAS COIRIÚIL (CÚNAMH DLÍTHIÚIL), 1965 GO 2005**

**ÉILEAMH AR THÁILLÍ (ATURNAETHA AMHÁIN, AN CHÚIRT DÚICHE NÓ ACHOMHARC CHUN NA CÚIRTE CUARDA) AGUS CAITEACHAIS TAISTIL AGUS CHOTHAITHE ATURNAE.**

**CUID 1**

1. Ainm/Ainmneacha agus seoladh/seoltaí an duine/na ndaoine (*úsáid ceannlitreacha bloic, le do thoil*) ar deonaíodh deimhniú/deimhnithe um chúnamh dlíthiúil ina leith.

Sloinne	Túsainm	Seoladh	Uimh. Dheimh. C.D.

Dearbhaím nach ndearna mé agus nach ndéanfaidh mé íocaíocht, ná nár chomhaontaigh mé agus nach gcomhaontóidh mé íocaíocht a dhéanamh, i leith chostais nó chaiteachais an cháis/na gcásanna ar deonaíodh an deimhniú/na deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce i ndáil leis/leo an \_\_\_/\_\_\_/20\_\_\_ thar mo cheann. Dearbhaím thairis sin nach eol dom go ndearna aon duine eile íocaíocht (ach amháin faoin Acht), ná go bhfuil ar intinn ag aon duine eile íocaíocht a dhéanamh (ach amháin faoin Acht), i leith na gcostas nó na gcaiteachas sin.

**Síniú/Sínithe an iarratasóra**

..... Dáta \_\_\_/\_\_\_/20\_\_\_  
 ..... Dáta \_\_\_/\_\_\_/20\_\_\_  
 ..... Dáta \_\_\_/\_\_\_/20\_\_\_

2. Ainm agus suíomh na Cúirte a dheonaigh an deimhniú/na deimhnithe um chúnamh dlíthiúil:

.....  
 An dáta ar deonaíodh é/iad: \_\_\_/\_\_\_/20\_\_\_

**Cásuimhir na Cúirte Dúiche:** \_\_\_\_\_

3. Luaigh, i dtéarmaí ginearálta, an cúiseamh/na cúisimh ar sannadh cúnaimh dlíthiúil ina leith

.....  
 .....

4. Na suimeanna atá á n-éileamh:

Cúirt	Dáta	Táille Aturnae

Cúirt	Dáta	Táille Aturnae

**CAITEACHAIS TAISTIL AGUS CHOTHAITHE ATURNAE**

Dáta	Am Imeachta	Am Fillte	Turas/ (Ó - Go)	Turais (Cúis)	Modh (Gluaisteán srl.)	Achar in km.	Taisteal €	Coth. €

An t-iomlán atá á éileamh: € \_\_\_\_\_

Dearbhaím:

- (i) go bhfuil na sonraí atá tugtha agam san fhoirm seo cruinn,
- (ii) nach bhfuair mé aon íocaíocht, ná nach nglacfaidh mé le haon íocaíocht, i leith chostas an cháis seo ón gcosantóir/ó na cosantóirí ná thar ceann an chosantóra/na gcosantóirí,
- (iii) nach bhfuil aon éileamh déanta agam ar íocaíocht nach bhfuilim ina teideal,
- (iv) go bhfuilim faoi dhlíteanas C.B.L.,
- (v) i gcás lena mbaineann Rialachán 7(4), go ndearna an Chúirt deonú níos mó ná deimhniú amháin a dheimhniú, agus

**(vi) dearbhaím thairis sin go raibh mé ar an bpainéal um Chúnamh dlíthiúil Coiriúil nuair a sannadh don chás seo mé.**

Arna shíniú: ..... (An tAturnae a sannadh)

Uimh. an Íocaí: .....

**Ainm i gceannlitreacha:** .....

Dáta: \_\_\_/\_\_\_/20\_\_

Ainm/Seoladh Oifig an Aturnae: .....

### **Cuid 2**

(le comhlánú ag Cléireach Cúirte Dúiche, nó Cláraitheoir Cúirte, de réir mar a bheidh, na Cúirte inar éisteadh an cás)

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a tugadh mar fhreagra ag Uimhreacha 1 – 3 de Cuid 1 (thall) den fhoirm seo cruinn, go ndearnadh an t-aturnae a shínigh Cuid 1 den fhoirm seo a shannadh de bhun an deimhnithe/na ndeimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce lena mbaineann an fhoirm seo agus gur fhreastail an t-aturnae sin ar shuí/shuíonna na Cúirte ar gach ceann de na dátaí a n-éilítear táillí ina leith ag Uimh. 4 de Cuid 1 den fhoirm seo.

Deimhním nach ndearnadh aon iarratas, i dtuairim na Cúirte, mar shaoráid don aturnae.

Deimhním thairis sin gurb í/iad seo a leanas an chúis/na cúiseanna a thug an Chúirt lena mheas gur deonaíodh níos mó ná deimhniú amháin (Rialachán 7(4)):

.....  
.....  
.....

Arna shíniú: .....

Oifig atá ar seilbh aige/aici: .....

Dáta: \_\_\_/\_\_\_/20\_\_.

### **Cuid 3**

(le húsáid sa Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí)

**Ainm**

**Suim €**

.....  
.....  
.....

.....  
.....  
.....

Arna fhorghéara le hóc sa tsuim: € \_\_\_\_\_

Síniú an oifigigh fhorghéara: .....

Dáta: \_\_\_/\_\_\_/20\_\_.

Arna thairfeadh ag: .....

Dáta: \_\_\_/\_\_\_/20\_\_.

Arna sheiceáil ag: .....

Dáta: \_\_\_/\_\_\_/20\_\_.

### **NÓTAÍ**

Má dhéanann Cúirt amháin an deimhniú/na deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce a ndéantar éileamh ina leith ar an bhfoirm seo a dheonú agus go n-éistear an cás/na cásanna i gCúirt eile, is ceart don aturnae lena mbaineann an t-éileamh a thaisceadh le hOifigeach na Cúirte a d'éist an cás/na cásanna.

Is ceart foirm éilimh a chomhlánú i leith gach deimhnithe um chúnamh dlíthiúil a deonaíodh, ach amháin:

- Má dhéantar dhá dheimhniú nó níos mó a dheonú do dhuine agus go ndéantar na cásanna a ndeonaítear ina leith iad a éisteacht le chéile nó díreach i ndiaidh a chéile agus, cheal treorach dá malairt ón gCúirt, go meastar, de réir fhorálacha Rialachán 7(4), nach ndearnadh ach deimhniú amháin a dheonú, ní ceart ach éileamh amháin a chomhlánú;
- Má deonaíodh deimhnithe um chúnamh dlíthiúil in aisce thar ceann beirte nó níos mó ar éisteacht a gcásanna le chéile, ní ceart ach foirm éilimh amháin a chomhlánú i leith na ndeimhnithe sin.

---

Is ceart an fhoirm seo, arna comhlánú, a chur ar aghaidh chuig:  
Comhsheirbhísí Airgeadais, An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, Bóthar Pháirc na  
bhFia, Cill Airne, Co Chiarraí.